

# Beartas agus Straitéis um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht na Comhairle Ealaíon



Déanann an Chomhairle Ealaíon, i ngach rud a dhéanann sí, iarracht chun meas agus tacaíocht a thabhairt do gach guth agus cultúr atá in Éirinn an lae inniu, as gach cuid den tsochaí, ó phobail reatha agus nua, agus ó gach cúlra sóisialta, eitneacht agus traidisiún agus a chinntiú go gcuimsítear agus go n-áirítear na guthanna sin.


Cuireann an Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht [CCDÉ] seo le raon réimsí oibre, forbairtí agus beartais na Comhairle Ealaíon, lena n-áirítear beartas Ealaíon agus Míchumais, beartas um Éagsúlacht Chultúrtha agus na hEalaíona, agus beartas um Dhínit ag an Obair. Aithnítear ann, cé gur chuir an Chomhairle Ealaíon tionscnaimh iontacha chun cinn agus gur thacaigh sí leo le blianta fada, go raibh an obair a rinneamar ar mhaithe le dul chun cinn an athraithe teoranta agus róscartha. Tuigim go maith go bhfuil go leor éagothroime laistigh de na healaíona in Éirinn go fóill agus go bhfuil líon mór daoine a bhfuil bacainní rompu fós i dtaobh a bheith rannpháirteach leis na healaíona mar gheall ar a gcúlra socheacnamaíoch, a n-eitneachas nó a gcreideamh, a ngnéaschlaonadh nó a n-aitheantas inscne, a stádas teaghlaigh, a n-aois, a mballraíocht sa Lucht Siúil, nó toisc nach bhfreastalaítear ar mhíchumas. Chomh maith leis sin, i bhfianaise gluaiseachtaí ar nós *Waking the Feminists*, *Sounding the Feminists* agus *Fair Plé*, tá baic mhóra fós roimh mhná i réimse leathan disciplíní ealaíonta chun a ngairmeacha agus a stór a chur chun cinn ar bhealach atá cothrom lena bpiaraí fireanna.


Trí obair thaighde agus forbartha roimhe seo, fuair an Chomhairle Ealaíon léargas suntasach ar an ról ríthábhachtach atá ag an éagsúlacht agus an comhionannas chun cumas iomlán thallann ealaíonta agus cultúrtha na hÉireann a scaoileadh agus dul i ngleic le daoine ó gach cúlra agus dearcadh sna healaíona. Nuair a bhaintear tairbhe as an éagsúlacht, faightear deis nach bhfuil a sárú le fáil don chomhoibriú, nuálaíocht agus foghlaim chruthaitheach. Creidimid freisin, trí chomhionannas, cearta an duine agus éagsúlacht a chur chun cinn sna healaíona in Éirinn, gur féidir linn leas a bhaint as na torthaí ealaíonta saibhre agus cleachtas comhaimseartha atá dúshlánach, ábhartha agus a thugann léargas níos cruinne ar ár sochaí inniu.



Tá freagracht orainn mar ghníomhaireacht na healaíona a fhorbairt in Éirinn, agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh cur chuige réamhghníomhach agus dírithe ag an gComhairle Ealaíon chun ceart bunúsach seo an duine a dheimhniú[1], is é go mbeadh deis ag gach duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn páirt a ghlacadh sna healaíona.

1 Buncheart daonna – Dearbhú na Náisiún Aontaithe Alt 27.
(1) Tá ag gach aon duine an ceart páirt a ghlacadh gan chosc i saol cultúrtha an phobail, tairbhe a bhaint as na healaíona agus páirt a ghlacadh i gcur chun cinn na heolaíochta agus a sochair.
(2) Tá ag gach aon duine an ceart go gcosnófaí na leasa morálta agus ábhartha a leanas ó shaothar eolaíochta, litríochta nó ealaíne ar bith arb é is údar dó.






# Ráiteas Straitéise

Agus an beartas seo á fhoilsiú, táimid ag gealladh go dtabharfaimid faoi ghníomhartha sna blianta romhainn chun ár dtuiscint ar an neamhionannas sna healaíona a neartú agus chun bealaí substainteacha a fhorbairt le dul i ngleic leis an neamhionannas sin. Aithnímid go gcaithfidh ár mbeartas a bheith fite fuaite inár gcleachtas agus struchtúr institiúideach féin ón tús agus déanfaimid gach uile iarracht le cinntiú go léirítear éagsúlacht Éire na linne seo inár mbord, foireann, comhairleoirí agus painéalaithe.


Tá an éagsúlacht ina croí-luach i straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon go dtí 2025, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, atá bunaithe ar mheas ar éagsúlacht i gcleachtas ealaíne, i rannpháirtíocht an phobail, agus i dtraidisiúin shóisialta agus chultúrtha. Dearbhaíonn an croí-luach sin tiomantas na heagraíochta do luach na héagsúlachta agus an meas atá aici ar an éagsúlacht.



Aithníonn an Chomhairle Ealaíon agus creideann sí go láidir go bhfuil **an ceart ag gach duine a chónaíonn in Éirinn chun na healaíona a chruthú, dul i ngleic leo, taitneamh a bhaint astu agus bheith páirteach iontu.**

Tríd an mBeartas CCDÉ seo, agus i gcomhthéacs a róil shibhialta agus reachtúil, déanann an Chomhairle Ealaíon na nithe seo a leanas:

- Dearbhaíonn an Chomhairle Ealaíon a tiomantas iomlán do Dhualgas na hEarnála Poiblí (agus don reachtaíocht chomhionannais), a chuireann cosc ar idirdhealú agus a éilíonn ar gach eagraíocht a fhaigheann maoiniú poiblí tabhairt faoi bhearta dearfacha d’fhonn comhionannas deiseanna, rochtana agus torthaí a chur chun cinn do gach duine a chónaíonn in Éirinn, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó a bheith mar dhuine den Lucht Taistil. Ina theannta sin, tarraingíonn an Chomhairle Ealaíon aird ar an gcúlra socheacnamaíoch mar fhoras eile ina gcaithfear comhionannais deiseanna, rochtain agus torthaí a chinntiú.
- Maíonn sí a creideamh go mbíonn eagraíocht éagsúil níos dinimiciúla agus níos éifeachtúla agus mar Ghníomhaireacht Stáit go ndéanann sí iarracht a bheith níos ionadaíche ar an daonra in Éirinn inniu.
- Tá sí infheistithe sa chás cruthaitheach don éagsúlacht, ag aithint go dtacaíonn éagsúlacht agus comhionannas níos mó sna healaíona le cruthaitheacht níos leithne in Éirinn agus go mbíonn tionchar dearfach aige ar fhorbairt ealaíon, mar aon le forbairt shóisialta, chultúrtha agus gheilleagair níos leithne.
- Leagann sí amach a tuiscint gur gá go léireodh earnáil na n-ealaíon Éire agus an éagsúlacht ar fad atá ag baint léi, ag cinntiú comhionannas deiseanna; comhionannas rochtana, rannpháirtíochta agus torthaí; agus comhionannas ionadaíochta.
- Dearbhaíonn sí go ndéanfar athbhreithniú agus mionathrú nuair is gá ar a cláir dámhachtainí agus maoinithe, i dtreo a chinntiú go léiríonn a bhfaighteoirí agus a dtairbhithe níos fearr próifíl dhaonra na hÉireann comhaimseartha, agus na grúpaí is mó faoi mhíbhuntáiste san áireamh.




Gealltar sa Bheartas CCDÉ seo go gcuirfear an comhionannas, cearta an duine agus éagsúlacht i gcroílár phleananna oibríochtúla agus straitéiseacha na Comhairle Ealaíon. Chun é sin a dhéanamh, teastóidh athruithe inár struchtúir agus oibríochtaí, mar aon leo siúd a dtacaímid leo chun na healaíona in Éirinn a sheachadadh.

Mar bhunphrionsabal lárnach de *Shaothar Ealaíne Iontach* a Tháirgeadh, cuirfear 'meas ar an éagsúlacht' i bhfeidhm trí shraith gníomhartha, gníomhartha leanúnacha agus cuspóirí gearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma – arna leagan amach sa **chéad Phlean Gníomhaíochta trí bliana** seo.

Chun forfheidhmiú praiticiúil an bheartais seo a chinntiú, ailíníodh na príomhghníomhartha leis na colúin lárnacha in *Saothar Ealaíne Iontach* a Tháirgeadh, agus luachanna na Comhairle Ealaíon arna chur in iúl sa straitéis sin, go háirithe *Meas ar éagsúlacht: i gcleachtas ealaíne, i rannpháirtíocht an phobail, agus i dtraidisiúin shóisialta agus chultúrtha.*

Phlean Gníomhaíochta 2019 – 2021



| Gníomh beartais | Torthaí inmhianaithe | Nithe inseachadta / Eochairtháscairí feidhmíochta | Amlíne |
|---|---|---|---|
| **1. Gníomhartha corparáideacha** | | | |
| 1.1 Moltaí ó Iniúchadh Rochtana na Comhairle Ealaíona a athbhreithniú, a nuashonrú agus a fhorfheidhmiú go gníomhach agus tús áite á tabhairt d'inrochtaineacht ár bhfoirgnimh. | ❖ Léiríonn an Chomhairle Ealaíon go soiléir a tiomantas do dhul i ngleic le hinrochtaineacht. | • Foirgneamh na Comhairle Ealaíon níos inrochtana faoi dheireadh 2021<br>• Plean nuashonraithe agus cuimsitheach chun inrochtaineacht a mhéadú i bhfeidhm faoi dheireadh 2019.<br>• Iniúchadh nua críochnaithe faoi 2020 | R2 2019 – R4 2021 |
| 1.2 Iniúchadh Éagsúlachta agus Comhionannais a dhéanamh ar chleachtais acmhainní daonna reatha, lena n-áirítear earcaíocht, ionduchtú agus dul chun cinn / ardú céime. | ❖ Forbraíonn an Chomhairle Ealaíon straitéis nua go réamhghníomhach chun éagsúlacht ina fórsa saothair a spreagadh.<br>❖ Athrú ar phróifíl fórsa saothair na Comhairle Ealaíon. | • Iniúchadh críochnaithe in 2019<br>• Beartas agus plean nua forbartha in 2020 | R2 2019 – R2 2020 |
| 1.3 Teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun éagsúlacht níos mó a chinntiú ar bhord na Comhairle Ealaíon. | ❖ Léiríonn an Chomhairle Ealaíon ceannaireacht in earnáil na n-ealaíon trí bhord níos ionadaíche agus níos éagsúla a bheith aici. | • Cruinniú tionólta leis an gceannaire Éagsúlachta agus Cuimsithe sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus spriocanna réadúla sainaitheanta | R2 – R4 2019 |
| 1.4 Bealach éifeachtach a fhorbairt chun ionadaíocht níos leithne agus níos éagsúla ar phainéil phiaraí na Comhairle Ealaíon a chinntiú. | ❖ Léiríonn an Chomhairle Ealaíon ceannaireacht agus spreagann sí tuilleadh muiníne i gcothroime a próisis maidir le maoiniú. | • Meicníocht i bhfeidhm lena chinntiú go n-áirítear ionadaithe ó ghrúpaí éagsúla ar an liosta do phainéil phiaraí. | R2 2019 – R2 2020 |
| 1.5 Post Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta tiomanta lánaimseartha sa Chomhairle Ealaíon a chruthú chun an beartas CCDÉ a fhorfheidhmiú agus a fhorbairt a thuilleadh. | ❖ Ball foirne tiomanta lánaimseartha ag obair go hinmheánach agus go seachtrach chun beartas CCDÉ beo agus leabaithe a sheachadadh. | • Ceannaire Tionscadail eatramhach ceaptha<br>• Cás déanta sa phlean fórsa saothair do phost tiomanta lánaimseartha Post lárnach ar fhoireann na Comhairle Ealaíon laistigh de thrí bliana | R2 2019 ar aghaidh |

| **1. Gníomhartha corparáideacha** (ar lean) | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh beartais** | **Torthaí inmhianaithe** | **Nithe inseachadta / Eochairtháscairí feidhmíochta** | **Amlíne** |
| 1.6 Scéim socrúcháin oibre íoctha a fhorbairt ag an gComhairle Ealaíon chun deiseanna rannpháirtíochta agus oibre a mhéadú do phobail nach bhfuil dóthain ionadaíochta acu. | ❖ Léiríonn an Chomhairle Ealaíon ceannaireacht trí dheiseanna fáis agus forbartha bríocha a thabhairt do Dhaoine aonair a bhfuil bacainní rompu chun a ngairmeacha i riarachán ealaíne a fhorbairt. | • Dhá scéim oibre íoctha nua i bhfeidhm faoi 2021.<br>• Tacaíocht sheachtrach faighte ón roinn ábhartha. | R4 2019 – R4 2021 |
| 1.7 Próiseas foirmiúil a chruthú chun CCDÉ a chinntiú i bhforbairt beartais agus straitéise sa todhchaí | ❖ Tá beartas CCDÉ na Comhairle Ealaíon leabaithe go héifeachtach i ngach gné den fhorbairt beartais agus straitéise. | • Córas foirmiúil chun a chinntiú go bhfuil CCDÉ san fhorbairt sin faofa agus glactha ag an gComhairle | R3 2019 – R4 2020 |
| 1.8 Grúpa Oibre a Athchumrú chun forfheidhmiú an bheartais a mhaoirsiú | ❖ Tá úinéireacht agus maoirsiú corparáideach éifeachtach ar bheartas CCDÉ beo | • Téarmaí tagartha athbhreithnithe don Ghrúpa Oibre inmheánach<br>• Ionadaíocht mhaith shinsearach agus tras-eagraíochtúil ar an nGrúpa Oibre<br>• Cruinnithe démhíosúla á reáchtáil | R2 2019 – R4 2021 |
| 1.9 Tuilleadh leaganacha inrochtana teanga / grafacha a eagrú don bheartas agus plean Forfheidhmithe seo | ❖ Léirítear tiomantas na Comhairle Ealaíon don inrochtaineacht agus don chothroime | • Leaganacha éagsúla den Bheartas agus den phlean Gníomhaíochta curtha i dtoll a chéile agus scaipthe | R2 – R4 2019 |

| Gníomh beartais | Torthaí inmhianaithe | Nithe inseachadta / Eochairtháscairí feidhmíochta | Amlíne |
|---|---|---|---|
| **2. Gníomhartha ealaíontóirí** | | | |
| 2.1 Sonraí a bhailiú agus a anailísiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar na deich saintréith chosanta mar a bhaineann siad le healaíontóirí a chuireann isteach ar mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon. | ❖ Tá tacar sonraí níos leithne agus níos cruinne ag an gComhairle Ealaíon faoi shaintréithe na n-ealaíontóirí a chuireann isteach ar thacaíocht na Comhairle Ealaíon agus a fhaigheann í faoi láthair.<br>❖ Tugtar léargas soiléir san fhianaise ar na bearnaí nach bhfuilimid ag dul i ngleic leo agus cuireann an fhianaise bonn eolais faoi ghníomhartha nua le dul i ngleic leis na bearnaí sin. | • Réimsí nua curtha leis an gcóras bainistíochta ar chaidreamh le custaiméirí.<br>• Foirmeacha iarratais curtha in oiriúint chun ceistneoir deonach don iarrthóir a chur leo<br>• Tuarascálacha tugtha do Choiste Beartais agus Straitéise na Comhairle Ealaíon maidir le sonraí staitistiúla a bhailítear go débhliantúil.<br>• Tuarascáil maidir le staitisticí foilsithe go bliantúil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon. | R2 2019 – R4 2021 |
| 2.2 Eolas comhiomlán ar iarrthóirí ar dhámhachtainí agus a bhfaighteoirí a fhoilsiú, ag díriú láithreach ar inscne agus go fadtéarmach ar réimsí eile de réir mar is cuí. | ❖ Tá eolas beacht ag páirtithe leasmhara na Comhairle Ealaíon ar inscne (agus saintréithe eile) sa líon iarrthóirí ar dhámhachtainí a chuireann an Chomhairle Ealaíon ar fáil agus ar na faighteoirí.<br>❖ Bíonn ealaíontóirí a mbíonn bacainní rompu le tacaíochtaí agus deiseanna a fháil muiníneach go rachaidh an Chomhairle Ealaíon i ngleic leis na deacrachtaí a sainaithníodh. | • Tuarascálacha Bliantúla maidir le staitisticí inscne foilsithe ar an suíomh gréasáin ó 2020 ar aghaidh<br>• Aiseolas dearfach ó pháirtithe leasmhara maidir le trédhearcacht agus chomh húsáideach is atá an t-eolas a chuirtear ar fáil. | R2 2019 – R4 2021 |

| **2. Gníomhartha ealaíontóirí** (ar lean) | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomh beartais | Torthaí inmhianaithe | Nithe inseachadta / Eochairtháscairí feidhmíochta | Amlíne |
| 2.3 Tabhairt faoi phróiseas comhairleach suntasach le healaíontóirí ó chúlraí éagsúla chun dearcadh níos eolaí a fháil ar na deacrachtaí atá rompu chun a ngairmeacha mar ealaíontóirí a chur chun cinn. | ❖ Mothaíonn ealaíontóirí atá thíos le neamhionannas nó leithcheal cumhachtaithe chun a scéalta a insint agus tacaíocht a lorg chun tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuireann an Chomhairle Ealaíon agus na heagraíochtaí a dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon leo ar fáil.<br>❖ Oibríonn an Chomhairle Ealaíon le healaíontóirí atá thíos le neamhionannas nó leithcheal chun tacaíochtaí agus deiseanna forbartha cuí a fhorbairt. | • Sraith cruinnithe éascaithe tionólta (Baile Átha Cliath agus Réigiúnach) le healaíontóirí ó chúlraí éagsúla<br>• Suirbhé ceaptha, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, do mheasúnú riachtanas i ndáil le forbairt ghairmiúil agus dul chun cinn gairme<br>• Taifead coinnithe agus tuairisciú déanta ar an bpróiseas<br>• Tacaíochtaí nua cuí forbartha. | R3 2019 – R3 2020 |
| 2.4 Oibriú le gníomhaireachtaí ábhartha chun modh cuí a fhorbairt chun ealaíontóirí atá páirteach sa phróiseas *iarratais ar chosaint idirnáisiúnta* a chúiteamh. | ❖ Caitear go cothrom le healaíontóirí atá ag lorg dídine, nó a chónaíonn i soláthar díreach, atá rannpháirteach in aon ghníomhaíocht ábhartha de chuid na Comhairle Ealaíon, de réir cleachtais íocaíochta chaighdeánacha d'ealaíontóirí. | • Prótacal agus sásra chun ealaíontóirí nach bhfuil cuntais bhainc acu a íoc. | R2 2019 – R4 2021 |
| 2.5 Oibriú le heagraíochtaí maoinithe chun modh bailí a bhunú chun eolas a bhailiú faoi na healaíontóirí agus na grúpaí a n-oibríonn siad leo. | ❖ Tá sonraí níos cruinne agus níos cuimsithí ag an gComhairle Ealaíon faoi na healaíontóirí a shroicheann ár maoiniú iad.<br>❖ Feabhsaíonn inniúlacht eagraíochtúil i réimse an chomhionannais agus na héagsúlachta. | • Córas nua i bhfeidhm faoi dheireadh 2020. | R3 2019 – R4 2020 |

| **2. Gníomhartha ealaíontóirí** (ar lean) | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh beartais** | **Torthaí inmhianaithe** | **Nithe inseachadta / Eochairthásacairí feidhmíochta** | **Amlíne** |
| 2.6 Bunaithe ar thorthaí ó na gníomhartha thuas, agus i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha, spriocanna réadúla a leagan don athrú ionadaíoch is mian leis an gComhairle Ealaíon a bhaint amach. | ❖ Faoi cheann cúig bliana, feiceann an Chomhairle Ealaíon athrú forásach ar phróifíl na n-ealaíontóirí a dtacaíonn sí leo agus i gcomhdhéanamh a bpainéil phiaraí a dhéanann measúnú ar dhámhachtainí. | • Sraith spriocanna meántéarma agus fadtéarma foilsithe faoi dheireadh 2020. | R1 – R4 2020 |
| 2.7 A chinntiú go bhfáiltíonn gach dámhachtain d'ealaíontóirí go soiléir roimh éagsúlacht agus go nglactar gníomhartha dearfacha le dul i ngleic le míchothromaíochtaí sainaitheanta i réimse ar bith. | ❖ Déanann réimse ealaíontóirí níos éagsúla iarratas agus faigheann siad dámhachtainí ón gComhairle Ealaíon. | • Teanga ar fhógraí dámhachtana athraithe le bheith cuimsitheach go réamhghníomhach<br>• Bearta nua forbartha le tacú a thuilleadh le healaíontóirí imeallaithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú. | R4 2019 – R4 2020 |
| | | | |
| **3. Gníomhartha Rannpháirtíocht an Phobail** | | | |
| 3.1 Oibriú le heagraíochtaí maoinithe ábhartha (ag tabhairt tús áite d'eagraíochtaí a Mhaoinítear go Straitéiseach) chun eolas bunlíne a bhunú faoi na pobail dhifriúla a dtéann siad i ngleic leo mar lucht féachana/éisteachta, rannpháirtithe agus comhoibrithe. | ❖ Tá eolas agus tuiscint níos doimhne ag an gComhairle Ealaíon agus na heagraíochtaí a *Mhaoiníonn sí go Straitéiseach* ar na pobail atá á sroicheadh againn agus iad sin nach bhfuil á sroicheadh againn. | • Córas chun sonraí rannpháirtíocht an phobail iontaofa a bhailiú, mar a bhaineann sé leis na deich saintréith arna leagan amach, ceaptha agus tástáilte. | R4 2019 – R4 2021 |
| 3.2 Fóram Comhairleach a bhunú le haghaidh comhrá leanúnach leis na grúpaí agus comhlachtaí ionadaíocha ábhartha dóibh siúd atá i mbaol leithcheala agus / nó eisiata. | ❖ Cuirtear sásra éifeachtach i bhfeidhm chun haghaidh comhrá leanúnach. | • Cruinnithe Fóraim éascaithe chun saincheisteanna a shoiléiriú<br>• Cruinniú déthaobhach idir an Fóram agus an Chomhairle Ealaíon reáchtáilte faoi dhó sa bhliain. | R3 2019 – R4 2021 |

| Gníomh beartais | Torthaí inmhianaithe | Nithe inseachadta / Eochairtháscairí feidhmíochta | Amlíne |
|---|---|---|---|
| **3. Gníomhartha Rannpháirtíocht an Phobail** (ar lean) | | | |
| 3.3 Comhpháirtíochtaí oibre a fhorbairt le heagraíochtaí ionadaíocha ábhartha, d'fhonn deiseanna níos mó agus tacaíochtaí níos cothroime a chruthú don rannpháirtíocht fhadtéarmach sna healaíona i measc daoine aonair agus grúpaí faoi bhuntáiste agus atá imeallaithe. | ❖ Cinneann grúpaí eisiata féinaitheanta na gníomhartha a theastaíonn le dul i ngleic le bacainní leis an rannpháirtíocht.<br>❖ Bunaítear caidrimh oibre bhríocha le heagraíochtaí ionadaíocha le hoibriú i gcomhar le dul i ngleic le míchothroime. | • Comhpháirtíochtaí nua bunaithe idir an Chomhairle Ealaíon agus eagraíochtaí sochaí sibhialta. | R2 2019 – R4 2021 |
| **4. Gníomhartha Infheistíochta** | | | |
| 4.1 Critéir shonracha a fhorbairt agus a chuimsiú maidir le comhionannas agus éagsúlacht sa chéad phlean infheistíochta bliantúil eile agus gach straitéis infheistíochta ina dhiaidh sin. | ❖ Tugann an Chomhairle Ealaíon soiléireacht maidir leis na prionsabail agus critéir comhionannais agus éagsúlachta a bheidh mar bhonn agus taca ag straitéisí infheistíochta amach anseo. | • Critéir ábhartha cuimsithe i bPlean Infheistíochta Bliantúil 2020 | R2 – R4 2019 |
| 4.2 A cheangal ar eagraíochtaí a Mhaoinítear go Straitéiseach go gcinntíonn siad go bhfuil cothromaíocht inscne ar a mboird. | ❖ Léiríonn eagraíochtaí a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon go Straitéiseach an cleachtas is fearr i struchtúir rialachais chothromaithe a bhaint amach. | • Treoirlínte soiléire maidir le saincheisteanna comhionannais inscne cuimsithe i dtreoirlínte rialachais na Comhairle Ealaíon. | R2 2019 – R4 2021 |
| **5. Gníomhartha Spásúla agus Déimeagrafacha** | | | |
| 5.1 An comhionannas agus an éagsúlacht a úsáid mar phointe fócais lárnach i gcomhpháirtíocht straitéiseach na Comhairle Ealaíon le Rialtas Áitiúil. | ❖ Cothaíonn comhpháirtíocht na Comhairle Ealaíon leis an Rialtas Áitiúil eiseamláirí cleachtais a chinntíonn ionchuimsiú agus éagsúlacht sna healaíona. | • Éagsúlacht chultúrtha agus na healaíona mar théama na comhdhála 'Tá Tábhacht le hÁiteanna' in 2019.<br>• Cás-staidéir de dhea-chleachtais curtha i dtoll a chéile. | R1 2019 ar aghaidh |

| 5. SGníomhartha Spásúla agus Déimeagrafacha (ar lean) | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomh beartais | Torthaí inmhianaithe | Nithe inseachadta / Eochairtháscairí feidhmíochta | Amlíne |
| 5.2 Ag tarraingt ar shonraí Dhaonáireamh 2016 agus foinsí ábhartha eile, spriocanna réadúla a roghnú agus a fhorbairt chun an staid dhéimeagrafach mar atá i ndáiríre a chur in oiriúint le cur i bhfeidhm ar chláir oibre amach anseo. | ❖ Tá eolas ag an gComhairle Ealaíon agus tá spriocanna réadúla á leagan amach aici i dtéarmaí pleanáil don todhchaí. | • Critéir shoiléire i bhfeidhm ag cláir forbartha todhchaí (e.g. Áiteanna Ildánacha) maidir le comhionannas agus | R2 2019 ar aghaidh |
| | | | |
| **6. Gníomhartha chun Cumas a Fhorbairt** | | | |
| 6.1 Oiliúint a chur ar fáil maidir le claonadh neamh-chomhfhiosach, frithchiníochas agus feasacht éagsúlachta d'fhoireann agus do bhord na Comhairle Ealaíon. | ❖ Tá eolas agus tuiscint shoiléir ag cinnteoirí agus ag an bhfoireann ar fad a idirghníomhaíonn le páirtithe leasmhara na Comhairle Ealaíon ar na claontaí atá acu agus ar bhreisoiliúint a d'fhéadfadh a bheith uathu sa réimse seo. | • Cúrsaí oiliúna seachadta in 2019<br>• Riachtanais bhreisoiliúna sainaitheanta | R3 2019 – R4 2021 |
| 6.2 Oiliúint ábhartha Comhionannais, Idirchultúrtha agus Éagsúlachta a fhorbairt d'earnáil na n-ealaíon. | ❖ Tá feasacht agus tuiscint mhéadaithe in earnáil na n-ealaíon maidir le saincheisteanna Comhionannais, Chearta an Duine agus Éagsúlachta agus an t-idir-chultúrachas mar bhealach lárnach oibre. | • Modúil oiliúna forbartha agus seachadta i dtrí réigiún. | R1 – R3 2020 |
| 6.3 Foireann uirlisí agus acmhainn oiliúna phraiticiúil a fhorbairt don Éagsúlacht agus Cuimsiú in earnáil na n-ealaíon. | ❖ Tá an Chomhairle Ealaíon níos ullmhaithe chun gníomhartha a phleanáil agus a fhorbairt le dul i ngleic le saincheisteanna comhionannais agus éagsúlachta. | • Foireann uirlisí phraiticiúil ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon in 2020 | R1 – R3 2020 |
| 6.4 Nuashonruithe rialta a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara uile na Comhairle Ealaíon maidir lenár ndul chun cinn i ndáil i ndul i ngleic le saincheisteanna rochtana, chearta an duine agus comhionannais. | ❖ Léiríonn an Chomhairle Ealaíon ceannaireacht sa bhéim a leagann muid ar ár gcuid oibre agus an dul chun cinn atá á dhéanamh againn go leanúnach | • Nuashonruithe rialta curtha ar fáil tríd an suíomh gréasáin, na meáin shóisialta, agus an r-nuachtlitir.<br>• Síntiúis leis an nuachtlitir leathnaithe agus éagsúlaithe. | R3 2019 – R4 2021 |
| 6.5 Plean gníomhaíochta CCDÉ nua a athbhreithniú agus a fhorbairt. | ❖ Tá plean CCDÉ nua forásach i bhfeidhm | • Athbhreithniú agus plean nua foilsithe | R2 – R4 2021 |

# Athbhreithniú agus Maoirsiú

Déanfaidh Grúpa Oibre inmheánach monatóiriú ar Bheartas CCDÉ, agus go háirithe, a Phlean Forfheidhmithe, agus déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn ag cruinnithe boird na Comhairle Ealaíon ar bhonn ráithiúil.

Feidhmeoidh beirt chomhaltaí boird de chuid na Comhairle Ealaíon mar chrainn taca don bheartas, d'fhonn ceannaireacht agus maoirsiú sinsearach a chinntiú.

Bunófar painéal Comhairleach seachtrach ar a mbeidh ionadaithe ó na heagraíochtaí sibhialta ábhartha, comhlachtaí ionadaíochta agus grúpaí abhcóideachta chun léargais agus comhairle a thabhairt nuair is cuí chun dul chun cinn fhorfheidhmiú an bheartais agus na straitéise a chinntiú.

Foilseoidh an Chomhairle Ealaíon nuashonruithe go rialta, trína bhealaí cumarsáide éagsúla, ina leagfar amach an chaoi a bhfuiltear ag dul i ngleic le saincheisteanna ar leith.

Tuairisceoidh an Chomhairle Ealaíon ar dhul chun cinn an bheartais agus na straitéise seo ina Tuarascáil Bhliantúil mar aon le measúnuithe nó athbhreithnithe eile ar straitéisí corparáideacha.




the arts council
an chomhairle ealaíon